# GAELCHOLÁISTE CHOMÁIN



Mol an óige agus tiocfaidh sí


Ros Dumhach, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo

t. (097) 88940 e. eolas@gcr.ie w. www.gcr.ie


etb

Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

*Mayo, Sligo and Leitrim Education and Training Board*

GAELCHOLÁISTE CHOMÁIN



# Fáilte ón bPríomhoide

Fáilte chuig Gaelcholáiste Chomáin, sa leabhrán seo tá eolas faoi réimse leathan de ghnéithe éagsúla de shaol an Choláiste, gnéithe acadúla agus imeachtaí eischuraclaim an Choláiste.
Táimid ar fad an-bhródúil as an dul chun cinn suntasach atá déanta ag Gaelcholáiste Chomáin le cúpla bliain anuas. Is údar mór áthais dúinn freisin cé chomh maith agus a éiríonn le daltaí an Choláiste go hacadúil, in imeachtaí eischuraclaim, go sóisialta agus i saol na hoibre taobh amuigh den scoil.


Tá buíochas ar leith ag dul do fhoireann an Choláiste, na múinteoirí agus an fhoireann thacaíochta, don éacht oibre a chuireann siad isteach lá i ndiaidh lae chun barr feabhais a bhaint amach agus a choinneáil mar ghnáth chaighdeán in imeachtaí uile an Choláiste.

Cuireann Gaelcholáiste Chomáin oideachais d'ard chaighdeán ar fail trí mheán na Gaeilge. Soláthraíonn muid timpeallacht a spreagann gnéithe acadúla agus praiticiúla, chomh maith le forbairt shóisialta an dalta. Tá foireann dhíograiseach i nGaelcholáiste Chomáin atá lán le fuinneamh agus ionspioráid. Tugann gach múinteoir cabhair don dalta laistigh agus lasmuigh den seomra ranga

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

**Marc Ó hÉireamháin**
Príomhoide





## An Coláiste

Tá Gaelcholáiste Chomáin suite i Ros Dumhach in Iar-Thuaisceart Mhaigh Eo, fiche míle ó thuaidh ó bhaile Bhéal an Mhuirthead. Is meánscoil lán Ghaeilge í atá lonnaithe i gcroílár Ghaeltacht Iorrais. Is é Gael Linn a bhunaigh Gaelcholáiste Chomáin sa bhliain 1959 agus ghlac Coiste Gairmoideachas Chontae Mhaigh Eo cúram air sa bhliain 1972.

## The College

Gaelcholáiste Chomáin is situated in Rossport in North-West Mayo, about 20 miles north of Belmullet, in the heart of the Erris Gaeltacht. It was founded by Gael Linn as a secondary school in 1959 and came under the management of County Mayo VEC in 1972.

## An Bord Bainistíochta

Gaelcholáiste Chomáin is a vocational secondary school under the auspices of The Educational Training Board (formerly Mayo VEC). The College is managed by the Board of Management, which consists of representatives from the teaching staff, the parent's council, ETB and the school Principal.

## Cén fáth Gaelcholáiste Chomáin?

Why choose Gaelcholáiste Chomáin?

- Gaelcholáiste Chomáin gets excellent academic results
- Fluency in Irish increases employment opportunities
- Gaelcholáiste Chomáin has a proven track record with past pupils
- Gaelcholáiste Chomáin has a young, enthusiastic and dedicated staff
- A bilingual education helps intellectual and cognitive development
- Small pupil teacher ratio & excellent facilities at Gaelcholáiste Chomáin
- Students gain extra marks for doing their Leaving Cert 'as Gaeilge'
- Over 50% of Leaving Certificate Irish exam is for the Oral / Aural exam
- Students at Gaelcholáiste Chomáin get a greater understanding of Irish culture & Heritage

**'In ithe na putóige a bhíonn a tástáil'**



**Is ionad iomlán foghlama é Gaelcholáiste Chomáin, áit a chaitear le gach duine mar dhuine faoi leith. Oibríonn an fhoireann agus na daltaí le chéile chun barr feabhais a bhaint amach i dtimpeallacht shábháilte agus chairdiúil, áit a mbíonn atmaisféar de chomhmheas agus de chomhoibriú i bhfeidhm.**

**Tá sé i gceist againn an acmhainn seo a fhorbairt trí churaclaim meáite trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais phearsanta agus chomhchoiteann ár ndaltaí. Tugann muid tosaíocht don éiteas speisialta atá ag an scoil Ghaeltachta, le béim ar an teanga, ar an gcultúr agus ar an traidisiún Gaelach.**

# Mission statement

We strive for each student to be happy and secure here and reach his/her potential in a caring and co-operative school setting. Gaelcholáiste Chomáin encourages creativity and embraces diversity in a positive learning environment. We support and encourage all students to become responsible citizens that excel in their personal and academic careers.

Everything we do at Gaelcholáiste Chomáin we do to challenge the status quo and build upon our difference. We believe that our difference is our strength, it gives us strength in who we are and strength for our community. Our difference is we're all IRISH!

**'Ní neart go cur le chéile'**



## Ionduchtú na Chéad Bhliana First Year Induction

Gaelcholáiste Chomáin takes special care to enable first year students make the transition from primary school to secondary school with care and attention. Our induction day allows students to meet with their new teachers, explore their new surroundings and inspect the school facilities.

## Éide scoile agus lógó The school uniform and school logo

The Gaelcholáiste Chomáin uniform consists of navy trousers or skirt, light blue shirt/blouse and cobalt blue sweater with new school crest. The uniform is compulsory for all students and must be worn at all times. The local Benwee stags or An Bhinn Bhuí was the inspiration behind the new school logo, a concept that was student lead.



## Comhairle na nDaltaí The Student Council

Bunaíodh Comhairle na nDaltaí i 2009 le tuairimí agus gátair na ndaltaí a chur i láthair.

## Oideachas Ceoil Music Education

Tá ceol anois mar ábhar scrúdaithe i nGaelCholáiste Chomáin agus tá an-tóir air. Tá rogha leathan d'uirlisí ceoil ar fáil sa Choláiste agus molaimid do dhaltaí úsáid a bhaint astu.

## Díospóireacht Debating

Tá an-suim ag na daltaí i ndíospóireachtaí agus glacann siad páirt i gcomórtais éagsúla go rialta.

**'An té nach gcuireann san earrach ní bhaineann sé san fhómhar'**



## Imeachtaí Eischuraclaim
### Extracurricular Activities

Peil Ghaelach, Cispheil, Rásaí Trastíre, Díospóireachtaí, Turais scoile thar lear agus sa bhaile, Cúrsa Fiseáin, Obair Cheardaíochta, Sacar, Leadóg Bhoird, Lúthchleasaíocht, Imeachtaí Eachtraíochta, Tráth na gCeist, Ceol Traidisiúnta, Eachtraí Uisce agus Comórtas Teicneolaíochta agus Eolaíochta, Liathróid Láimhe.




## Ábhair Scoile – Teastas Sóisearach *Junior Cycle*

Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Fraincís, Tíreolaíocht, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Eacnamaíocht Bhaile, Teagasc Reiligiúin, Ceol, Oideachas Sóisialta Sláinte agus Pearsanta (SPHE), Teicneolaíocht Ábhair (Adhmad), Miotalóireacht, Oideachas Saoránach Sóisialta & Polaitiúil (CSPE), Corpoideachas, Ríomhaireacht agus Grafaic Theicniúil.

## Ábhair Scoile – Ardteistiméireacht *Leaving Certificate*

Gaeilge, Béarla, Matamaitic, Fraincis, Líníocht Theicniúil, Staidéar Foirgníochta, Eacnamaíochta Bhaile, Gairmthreoir, Eolaíocht Thalmhaíochta, Ceol, Tíreolaíocht, Innealtóireacht agus Bitheolaíocht.

## Oideachas Breise *TY & LCVP*

Transition Year and Leaving Certificate Vocational Programme are now also available at Gaelcholáiste Chomáin.

## Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Tá Gaelcholáiste Chomáin rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Is í ár sprioc ná chun a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta, agus ar an mbonn sin, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta.

Táimid ag dul i ngleic go díochasach agus go díograiseach leis an scéim.

Bhí eispéireas luachmhar, spreagúil agus dearfach againn le déanaí lenár gcuairt chigireachta.

SCÉIM AITHEANTAIS MAR SCOIL GHAELTACHTA

Scoileanna Gaeltachta




**'Molann an obair an duine'**



# Teistiméireachtaí *Testimonials*

**Dálta as 1 bhliain**

Bhí sé deacair ar dtús dom i nGaelcholáiste Chomáin mar ní raibh mé líofa sa Ghaeilge. Déanaimid gach ábhar trí mheán na Gaeilge ach chuaigh mé i dtaithí ar saol na scoile go tapa. Is scoil bheag í Gaelcholáiste Chomáin agus anois tá dlúthchairde déanta agam. Tá mo chuid Gaeilge i bhfad níos fearr chomh maith.

It was difficult for me at first in Gaelcholáiste Chomáin as I was not fluent in Irish. We do every subject through the medium of Irish but I settled into the school life quickly. Gaelcholáiste Chomáin is a small school and I have made great friends. My Irish has also improved greatly.

**Dálta as IB bliain**

Tá níos mó i gceist leis an idirbhliain ná obair acadúil. Foghlaimítear ábhair nua cosúil le drámaíocht, ceol, spórt agus tagann forbairt ar leith ort mar dhuine. I mbliana bhí deis againn dul chuig cluiche sacair i mBaile Átha Cliath agus chomh maith le sin d'fhreastail rang na hIdirbhliana ar an gcomórtas Eolaí Óg freisin. Cuirtear aithne níos fearr ar na múinteoirí agus níl siad chomh foirmiúil linn cé go mbíonn siad gairmiúil i gcónaí. Tá an bhliain iontach mar tugann sé faoiseamh dúinn i ndiaidh an Teastas Shóisearaigh agus tugann sí am duit le fáil réidh do bhlianta na hArdteistiméireachta. Nach iontach an rud é go bhfuil deis againn taithí a fháil ar ghné eile de shaol na scoile a bhlaiseadh gan aon bhrú ó scrúduithe.

There is more associated with Transition Year than just academic school work. One learns new subjects like drama, music and sport and you also develop a lot as a person. This year we were fortunate enough to attend a soccer match in Dublin and the BT Young Scientist Competition also. You get to know the Teachers better also and they are not as formal with us although they are always professional. The year is fantastic as a rest after the Junior Certificate and it gives you time to prepare for the years of the Leaving Certificate course. Its wonderful to avail of the opportunity to experience a different school life without the pressure of exams.



Hayden Murphy
**Trinity College Entrance Award**

**Dálta as 5ú bliain**

D'fhreastail mé ar bhunscoil lán-Ghaelach. De bharr sin bhí neart Gaeilge agam sular tháinig mé go Gaelcholáiste Chomáin. Tá suim ollmhór agam i gcúrsaí ceoil agus seinnim an fheadóg stain. Tá deis agam staidéar a dhéanamh ar chúrsaí ceoil i gColáiste Chomáin agus táim sásta faoi sin.

I attended an all-Irish National School. As a result of that I had a lot of Irish before attending Gaelcholáiste Chomáin. I have a great interest in music and I play the tin whistle. I have the opportunity at Gaelcholáiste Chomáin to study music and I am really happy about that.

**Dálta as IB bliain**

Is deis iontach í an Idirbhliain. Tugann sí scileanna praiticiúla n-imeachtaí a bhíonn á dhéanamh againn. Mholfainn an Idirbhliain do dhaltaí a bhfuil óg agus nach bhfuil an aibíocht acu an Ardteist a dhéanamh go fóilleach. Tugann an Idirbhliain bunús na n-ábhar Ardteistiméireachta duit agus tá sin go maith mar ullmhúchán.


Transition Year is a great opportunity . It gives practical skills for life as a result of the events we are undertaking. I would recommend Transition Year to any young students who aren't mature enough to undertake the Leaving Certificate at that given time. Transition Year incorporates a foundation of the Leaving Certificate subjects which is a fantastic means of preparation for the two year Leaving Certificate course.

**Dálta as 3ú bliain**

D'fhreastail mé ar bhunscoil lán – Ghaelach agus cé go raibh Gaeilge an – mhaith agam nuair a thosaigh mé i nGaelcholáiste Chomáin, tá feabhas ar leith tagtha uirthi anois. Níl aon amhras go bhfuil mo stór focal níos leithne anois. Déanfaimid réimse leathan ábhar i nGaelcholáiste Chomáin cosúil le hadhmadóireacht, miotalóireacht, ceol agus spórt. Bainim an –sult as na ranganna éagsúla. Tugann na ranganna beaga i nGaelcholáiste Chomáin deiseanna foghlama níos fearr dúinn. I mo bhliain níl ach ochtar agus má bhíonn aon fhadhb agat cabhraíonn na múinteoirí leat gan stró.

I attended an All-Irish National School and although I had very good Irish when I started in Gaelcholáiste Chomáin , there is a significant improvement in my Irish now. There is no doubt that my range of vocabulary has widened . We undertake a wide range of subjects in Gaelcholáiste Chomáin such as woodwork, metalwork , music and sport . I thoroughly enjoy the various classes. The small class sizes in Gaelcholáiste Chomáin give us excellent learning opportunities. There are only eight people in my year and if there is a problem the teachers help you without hesitation.

**'Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste'**




**Tá áiseanna oideachais agus spóirt d'ard chaighdeán ar fáil i nGaelcholáiste Chomáin.**
**Tugann Gaelcholáiste Chomáin misneach don dalta chun páirt a ghlacadh in imeachtaí eischuraclaim.**
**Spreagann Gaelcholáiste Chomáin an dalta chun spriocanna pearsanta agus acadúla a bhaint amach.**
**Meallann Gaelcholáiste Chomáin an dalta chun tabhairt faoi dhea-chleachtais staidéir agus obair bhaile.**

Gaelcholáiste Chomáin helps students to get the maximum benefit from their school life.
Gaelcholáiste Chomáin encourages creativity and embraces diversity in a positive learning environment.
The school's central purpose is the intellectual, moral, physical and social development of each student.
Gaelcholáiste Chomáin provides a broadly based curriculum that responds both to the individual and society.

Ros Dumhach, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
t. **(097) 88940** e. **eolas@gcr.ie** w. **www.gcr.ie**

etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
*Mayo, Sligo and Leitrim Education and Training Board*